



Oifig Náisiúnta Imdhionta
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an
Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

**HSE National Immunisation
Office**
Unit 8/9 Manor Street Business
Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

www.immunisation.ie
[Twitter](#), [Instagram](#),
[YouTube](#), [LinkedIn](#)

December 2022

**Re: HPV (Human Papillomavirus) Vaccination Programme for first year pupils -
reduction in the number of vaccine doses needed**

Dear Parent or Guardian,

You recently received an information pack about your child's school vaccinations. In that pack, we shared that the HSE school vaccination team will visit schools twice during the school year to offer the following vaccines:

- **HPV** (Human papillomavirus) vaccine which protects against cancers
- **Tdap** vaccine which protects against tetanus, diphtheria and whooping cough (pertussis)
- **MenACWY** (Meningococcal) vaccine which protects against meningococcal types A, C, W and Y, which can cause meningitis and septicaemia.

The National Immunisation Advisory Committee (NIAC) has recently issued updated advice about the number of doses of HPV vaccine needed.

NIAC now recommend:

- **One dose** of **HPV vaccine** for people aged 9-24 years of age.
- **Three doses** of **HPV vaccine** for people who are **immunocompromised** (have a weak immune system)

What does this change mean for your child?

If you returned a completed consent form this school year and consented for your child to get HPV vaccine – your child will only need to get **one dose of HPV vaccine**. You do not need to contact the school team to withdraw consent. If your child has a weak immune system they may need three HPV vaccine doses. Please visit www.hpv.ie for more information on which children with weak immune systems need three HPV vaccine doses and if this applies to your child, contact the school immunisation team for a new consent form.

Why has the advice changed about the number of doses of HPV vaccine needed?

The NIAC changed their advice about the number of HPV vaccine doses needed because of recent scientific evidence. This evidence shows that in people aged up to 25 years old with healthy immune systems, there is no major difference in the effectiveness of the vaccine between people who get one, two or three doses of HPV vaccine.

Please remember

- The HSE school vaccination team will be visiting schools to offer MenACWY (Meningococcal) vaccines to your child from February. It is very important that your child still receives this vaccine.

If you have any questions or concerns, members of the school vaccination team are happy to help. You can also contact them if you missed the consent pack at the start of the year and wish for your child to be vaccinated. The contact numbers for the vaccination teams are available on www.hpv.ie.

Further information is also available on www.immunisation.ie and www.hpv.ie

Yours sincerely

Dr Lucy Jessop
Consultant in Public Health Medicine – National Immunisation Lead
National Immunisation Office
MRCN 424447



Oifig Náisiúnta Imdhíonta
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an
Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

**HSE National Immunisation
Office**
Unit 8/9 Manor Street Business
Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

www.immunisation.ie
[Twitter](#), [Instagram](#),
[YouTube](#), [LinkedIn](#)

Mí na Nollag 2022

**Maidir le: Clár Vacsaínithe HPV (Papalómaivíreas Daonna) do dhaltai na chéad
bhliana - laghdú ar líon na dáileoga vacsaíne a theastaíonn**

A Thuismitheoir nó Chaomhnóir,

Fuair tú pacáiste eolais le déanaí faoi vacsaíní scoile do pháiste. Sa phacáiste sin, roinneamar go dtabharfaidh foireann vacsaínithe scoile FSS cuairt ar scoileanna faoi dhó le linn na scoilbhliana chun na vacsaíní seo a leanas a thairiscint:

- An vacsaín **HPV** (papalómaivíreas daonna) a thugann cosaint ar ailsí
- Vacsaín **Tdap** a thugann cosaint ar theiteanas, diftéire agus an triuch
- **MenACWY** (Meiningeacocúil) vacsaín a thugann cosaint ar chineálacha meiningeacocúla A, C, W agus Y, arbh fhéidir leo bheith ina gcúis le meiningíteas agus seipticéime.

D'eisigh an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) comhairle nuashonraithe le déanaí maidir le líon na dáileoga den vacsaín HPV a theastaíonn.

Molann an NIAC anois:

- **Dáileog amháin** den **vacsaín HPV** do dhaoine idir 9-24 bliana d'aois.
- **Trí dháileog** den **vacsaín HPV** do dhaoine a bhfuil **imdhíon-lagaithe** (a bhfuil córas imdhíonachta lag acu)

Cad a chiallaíonn an t-athrú seo do do pháiste?

Má sheol tú foirm toilithe chomhlánaithe ar ais i mbliana agus gur thoiligh tú go bhfaighidh do leanbh an vacsaín HPV - ní bheidh ar do pháiste ach **dáileog amháin den vacsaín HPV a fháil**. Ní gá duit dul i dteagmháil le foireann na scoile chun toiliú a tharraingt siar. Má tá córas imdhíonachta lag ag do pháiste b'fhéidir go mbeadh trí dháileog vacsaíne HPV ag teastáil uaidh. Tabhair cuairt le do thoil ar www.hpv.ie chun tuilleadh eolais a fháil faoi na trí dháileog vacsaíne HPV a theastaíonn ó leanaí a bhfuil córais imdhíonachta laga acu agus má bhaineann sé seo le do pháiste, déan teagmháil le foireann imdhíonta na scoile chun foirm toilithe nua a fháil.

Cén fáth ar athraigh an chomhairle maidir le líon na dáileoga den vacsaín HPV a theastaíonn?

D'athraigh an CCNI a gcomhairle maidir le líon na dáileoga vacsaíne HPV a theastaíonn mar gheall ar fhianaise eolaíoch le déanaí. Léiríonn an fhianaise seo, i ndaoine suas le 25 bliana d'aois a bhfuil córais imdhíonachta shláintiúla acu, nach bhfuil aon difríocht mhór idir éifeachtacht na vacsaíne idir daoine a fhaigheann dáileog amháin, dhá nó trí dháileog den vacsaín HPV.

Cuimhnigh le do thoil

- Beidh foireann vacsaínithe scoile FSS ag tabhairt cuairte ar scoileanna chun vacsaíní MenACWY (Meiningeacocúil) a thairiscint do do pháiste ó mhí Feabhra. Tá sé an-tábhachtach go bhfaighidh do pháiste an vacsaín seo fós.

Má tá aon cheist nó imní ort, tá baill d'fhoireann vacsaínithe na scoile sásta cabhrú leat. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leo freisin má chaill tú an pacáiste toilithe ag tús na bliana agus más mian leat do pháiste a vacsaíniú. Tá na huimhreacha teagmhála do na foirne vacsaínithe ar fáil ar www.hpv.ie.

Tá tuilleadh eolais ar fáil chomh maith ag www.immunisation.ie agus www.hpv.ie

Mise le meas

An Dr Lucy Jessop
Comhairleach i Míochaine Sláinte Poiblí – Ceannaire Náisiúnta Imdhíonta
An Oifig Náisiúnta Imdhíonta
MRCN 424447